

OLLSCOIL NA hEIREANN, GAILLIMH.

DARA BLIAN

**HI253: INSCNE, SAOTHAR AGUS TEAGHLACH IN EIRINN 1850-1922.**

B.Cunningham

N.Canny

C.Clear

Am: DHÁ uair a chloig.

TRÍ cheist le fhreagairt.

1. Ar éirigh an saol níos sláintiúla in Éirinn sna blianta 1850-1922? Dein tagairt do thithíocht, beathú, éadaigh agus sláinte ginearálta, agus do dhaoine ar gach leibhéal sóisialta, sna blianta seo.
2. Maidir le obair neamh-talmhaíoch, ar bhain mná/cailíní nó fir/buachaillí níos mó buntáiste ó na athraithe eacnamaíocha a tharla sna blianta 1850-1922?
3. Bua nó briseadh – cé acu, dar leat, an breithiúnas is fearr ar ghluaiseacht an lucht oibre sna blianta c.1880-1922 in Éirinn?
4. Pléigh na príomh-athraithe talmhaíocha in Éirinn sna blianta 1850-1922, an fáth ar tharla siad, agus tionchar na athraithe seo ar an bhfórsa oibre talmhaíoch iomlán, ón fheirmeoir mór go dtí an oibrí talmhaíoch, mná san áireamh.
5. Dar leat, cé acu an feachtas talún ba raidici (i.e. ag déanamh ionsaí ar fréamhaí na faidhbe) sa tréimhse seo, 'cogadh na talún' 1879-82, nó an 'Plan of Campaign', 1886-1891?
6. Dar le Gearóid Ó Tuathaigh, is é an imirce 'an fhíric sóisialta is tábhachtaí le dhá chéad blian anuas.' (1991). An bhfuil tusa ar aon leis an mbreithiúnas seo dos na blianta 1850-1922? Tabhair aird ar gnéithe réigiúnach agus inscneach san fhreagra  
nó  
Pléigh torthaí soisialta na himirce shéasúrach, sna blianta 1850-1922.
7. Arb é saoirse chun rogha a dhéanamh, nó a mhalairt, a chuaigh i bhfeidhm ar an ráta pósadh in Éirinn sna blianta 1850-1922?

8. De réir na achmhainní oideachais a tháinig ar sruth sna blianta 1850-1922, an raibh sé níos éasca, nó a mhalairt, do dhaoine feabhas a chur ar a gcaighdeán beatha? Dein tagairt do difríochtaí inscneacha sa freagra.
9. Dar leatsa, an raibh na institiúidí dúnacha a d'oibrigh in Éirinn sna blianta 1850-1922, san iomlán buntáisteach do na daoine a bhain úsáid astu, nó a mhalairt?